# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go 4.50**

### TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

Baineann Ceist 1 leis an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis agus tá sí éigeantach.

Tá na ceisteanna eile, ó 2 go dtí 18, leagtha amach i **gCEITHRE** roinn. Is iad seo, Tíreolaíocht Fhisiceach, Tíreolaíocht Shóisialta, Tíreolaíocht Eacnamaíoch, Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda.

Caithfear **cúig cheist** a fhreagairt ach **gan níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as aon roinn amháin.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

- Ceist 1;
- Ceist amháin sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda [as Ceisteanna 14-18];
- Trí cheist eile as 2-18;

Tá rogha na gceisteanna as 2 –18 faoi réir ag an gcoinníoll atá luaite thuas, nach bhfuil sé ceadaithe **níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as aon roinn amháin.

---

**DEIMHNIGH LE DO THOIL GO bhFUIL LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFHÓTAGRAF AGAT SULA dTUGANN TÚ FAOIN bPÁIPÉAR SEO.**

## <u>NÍ MÓR</u> AN CHEIST SEO A FHREAGAIRT

### <u>CEIST 1.</u> <u>SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS</u>

Scrúdaigh an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50000 agus an Eochair Eolais a tugadh duit leis an bpáipéar seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéar atá clúdaithe ag an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis. Ar an sracléarscáil **<u>marcáil</u>** agus **<u>ainmnigh</u>** iad seo a leanas:

- Loch Uail
- An Chanáil Ríoga
- Móta
- Líne Iarnróid
- Tearmann Dúlra
- Oileán Bhantiarna

[**N.B. Níor cheart** an sracléarscáil a rianú agus ba cheart í a bheith **níos lú** ná an bhunléarscáil.]

**(30 marc)**

**(ii)** Ainmnigh agus tabhair láithreacha do **<u>CHEITHRE</u>** chineál dhifriúla seaniarsmaí atá le fáil sa réigiún seo.
**(20 marc)**

**(iii)** Agus fianaise ón léarscáil Shuirbhéaracht Ordanáis amháin á úsáid agat, mol agus mínigh **<u>TRÍ</u>** cúiseanna gur fhás an Muileann gCearr ag an suíomh seo.
**(30 marc)**

# TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH

**Ceisteanna 2 - 5**

**CEIST 2.** **OIGHRIÚ**



**(i)** Eiscir, Coire (Cirque), Gleann Oighrithe, Adharc agus Droimnín.

Ainmnigh **DHÁ** cheann de na gnéithe sin a cruthaíodh in **ardchríocha agus DHÁ** ghné a cruthaíodh ar **ísealchríocha**.

**(20 marc)**

**(ii)** Mínigh, le cabhair léaráide, conas a cruthaíodh **TRÍ** cinn ar bith de na gnéithe a **roghnaíodh i gcuid (i).** Tabhair **sampla in Éirinn** de gach ceann díobh.

**(60 marc)**

**CEIST 3.** **AN FHARRAIGE (MUIRÍ)**

**(i)** Ainmnigh **DHÁ** ghné a cruthaíodh feadh **cóstaí ardchríche agus DHÁ** ghné a cruthaíódh feadh **cóstaí ísealchríche.**

**(20 marc)**

**(ii)** Mínigh, le cúnamh léaráidí, conas a cruthaíodh **TRÍ** cinn ar bith de na gnéithe **atá luaite i gcuid (i).** Tabhair **sampla in Éirinn** de gach ceann díobh.

**(60 marc)**

**CEIST 4.** **CUMHSCAIL (GLUAISEACHTAÍ) TALÚN**

**(i)** Creatha Talún, Fillsléibhte agus Bolcáin.
Roghnaigh **DHÁ** cheann ar bith díobh sin thuas agus i gcás **gach ceann díobh atá roghnaithe agat:**

- Ainmnigh limistéar **AMHÁIN** sa domhan ina dtarlaíonn sé.
- Déan cur síos agus mínigh conas a tharlaíonn sé, le cabhair léaráide.

**(60 marc)**

**(ii)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar **DHÁ** éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag crith talún ar chathair mhór.

**(20 marc)**

## <u>CEIST 5.</u> <u>AN DOMHAN FISICEACH</u>

Tabhair míniú réasúnta mion ar **<u>DHÁ</u>** cheann de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Tá mórán tírghnéithe difriúla in Éirinn de thoradh creimeadh ag aibhneacha. **(40 marc)**

**(ii)** Is féidir le próisis fhisiceacha **<u>NÓ</u>** cheimiceacha a bhéith ina gcúis le síonchaitheamh. **(40 marc)**

**(iii)** Tá beachtas ag dul i bhfeabhas i réamhfhaisnéisí aimsire ó blian go blian. **(40 marc)**

**(iv)** Tá bagairt ar phortaigh na hÉireann agus ba cheart iad a chaomhnú. **(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

**Ceisteanna 6 - 9**

## <u>CEIST 6.</u> <u>AERFHÓTAGRAF - AN MUILEANN gCEARR</u>

Scrúdaigh an t-aerfhótagraf a tugadh duit leis an bpáipéar seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den chuid den Muileann gCearr atá cuimsithe san aerfhótagraf. Ar an sracléarscáil **marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas.
[**N.B. Níor cheart** an sracléarscáil a rianú agus ba cheart di a bheith **níos lú** ná an grianghraf.]

- Dhá Shráid Chónasctha
- Dhá shéipéal
- Eastát tithíóchta
- Ceantar ina bhfuil coillearnach
- Carrchlós

**(30 marc)**

**(ii)** Samhlaigh go dteastaíonn ó fhorbróir i Muilleann gCearr coimpléacs nua caitheamh aimsire a thógáil sa limistéar atá cuimsithe sa ghrianghraf.
Tabhair suíomh oiriúnach don coimpléacs agus mínigh **<u>TRÍ</u>** chúis le do fhreagra.

**(30 marc)**

**(iii)** Bain úsáid as an aerfhótagraf agus as an léarscáil shuirbhéaracht ordanáis **araon** agus déan cur síos go gairid ar **<u>DHÁ</u>** phíosa fianaise gur baile mór margaidh í an Muileann gCearr.

**(20 marc)**

## CEIST 7. STAIDÉAR DAONRA




**(i)** Tá mórán tosca ann a imríonn tionchar ar fhás daonra. Orthu sin tá:

- Sláinte
- Cogadh
- Stádas na mban
- Oideachas
- Teicneolaíocht níos fearr
- Dífhostaíocht

Roghnaigh **TRÍ** cinn ar bith de na tosca sin thuas agus mínigh conas a chuireann **gach ceann** díobh isteach ar fhás daonra.

**(60 marc)**

**(ii)** "Tá méid na clainne ag titím sa **Domhan Forbartha** agus beidh fadhbanna mar thoradh ar sin sa todhchaí."
An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Tabhair míniú le do fhreagra.

**(20 marc)**

## CEIST 8. STAIDÉAR UIRBEACH

**(i)** Tá Fás Tapa Daonra tar éis **cuid mhaith fadhbanna a chruthú i gcathracha.** Orthu sin tá:

- Easpa Tithíochta
- Plódú Tráchta
- Truailliú
- Coirpeacht agus Drugaí
- Galar

Roghnaigh **TRÍ** cinn ar bith de na fadhbanna sin agus tabhair míniú **ar gach ceann díobh** trí thagairt a dhéanamh do **chathair NÓ do chathracha** a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**(60 marc)**

**(ii)** "Tarlaíonn **Bánú na Tuaithe** nuair a bhogann a lán daoine amach as limistéir thuaithe."

Tabhair míniú ar **DHÁ** éifeacht ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag an mbánú tuaithe seo ar **AON réigiún amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**(20 marc)**

**<u>CEIST 9.</u>** **<u>SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA</u>**

Scrúdaigh **<u>DHÁ</u>** cheann de na ráitis seo a leanas go réasúnta mion:

**(i)** Is fadhb í Sraoilleáil Uirbeach i gcathracha nua-aimseartha.

**(40 marc)**

**(ii)** Is obair in aisce í go leor den obair a dhéanann mná agus meastar faoina luach í dá bhrí sin sa domhan atá i mbéal forbartha agus sa domhan atá forbartha araon.

**(40 marc)**

**(iii)** Is minic a bhíonn imircigh thíos leis an leithcheal.

**(40 marc)**

**(iv)** Imríonn Rátaí Breithe agus Rátaí Báis tionchar ar athrú daonra.

**(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

**Ceisteanna 10 - 13**

**<u>CEIST 10.</u>** **<u>FUINNEAMH</u>**



**(i)** Ainmnigh agus tabhair míniú go mion ar **<u>THRÍ</u>** chineál fuinnimh in-athnuaite.

**(60 marc)**

**(ii)** Tabhair míniú ar **<u>DHÁ</u>** bhealach a bhféadfadh daoine fuinneamh a chaomhnú sa teach.

**(20 marc)**

## **CEIST 11. TALMHAÍOCHT**

**(i)** Is iomaí toisc a imríonn tionchar ar an talmhaíocht. Orthu sin tá:

- Aeráid
- Torthúlacht na hIthreach
- Beartais Rialtais
- Gaireacht (gar) do Mhargaí

Roghnaigh **DHÁ** cheann ar bith de na tosca agus mínigh go mion conas a d'imir **gach ceann díobh** sin tionchar ar an talmhaíocht **in aon limistéar a bhfuil staidéar déanta agat air.**

**(40 marc)**

**(ii)** "Tá lion na ndaoine atá ag obair ar an talamh ag titim go tapa sa Domhan Forbartha."

- Mínigh go mion **DHÁ** cheann de na cúiseanna leis an laghdú (titim) **seo in aon limistéar talmhaíochta a bhfuil staidéar déanta agat air.**

- Tabhair míniú ar **DHÁ** bhealach ina bhféadfaí moill a chur leis an laghdú sin.

**(40 marc)**

## **CEIST 12. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH**

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Is ábhar imní sa domhan faoi láthair an t-ardú atá ag teacht ar phraghas na hola.

**(40 marc)**

**(ii)** Is ábhar imní í atá ag dul i méid cailliúint na bhforaoiseacha trópaiceacha báistí.

**(40 marc)**

**(iii)** Tá ag éirí go han-mhaith leis an gcóras iarnróid tapa LUAS i mBaile Átha Cliath.

**(40 marc)**

**(iv)** Is córas é an Tionscal Déantúsaíochta ina bhfuil ionchuir, próisis agus aschuir.

**(40 marc)**

## **CEIST 13. OBAIR ALLAMUIGH**

Maidir le cleachtadh **AR BITH** a rinne tú ar obair allamuigh sa Tíreolaíocht:

**(i)** Luaigh **teideal** agus **aidhmeanna** an chleachtaidh. **(8 marc)**

**(ii)** Tabhair cuntas beacht ar **DHÁ** bhealach a ndearna tú **ullmhúchán** don chleachtadh. **(16 marc)**

**(iii)** Tabhair cuntas beacht ar **THRÍ mhodh a d'úsáid tú chun an t-eolas a bhailiú**. **(24 marc)**

**(iv)** Mínigh **TRÍ thoradh** ar an obair allamuigh. **(12 marc)**

**(v)** Mínigh go beacht **TRÍ mhodh a d'úsáid tú chun do thorthaí a chur i láthair**. **(12 marc)**

**(vi)** Mínigh **athrú amháin a** dhéanfá dá mbéadh an cleachtadh san obair allamuigh á déanamh agat arís.

**(8 marc)**

**Ceisteanna 14 - 18**

- **Ní mór duit Ceist Amháin ar a laghad sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda a fhreagairt ach ní thig leat níos mó ná Dhá Cheist a fhreagairt.**

## CEIST 14. TÍORTHA AGUS A gCUID RÉIGIÚN


Éire, An Iorua, An Eilbhéis, An Phortaingéil, An Spáinn agus An Fhrainc.
I gcás **AON CHEANN AMHÁIN** ar bith de na tíortha thuas a ndearna tú staidéar uirthi:

**(i)** Tarraing sracléarscáil a thaispeánann an chaoi a roinnfeá an tír iomlán ina **DHÁ RÉIGIÚN NÓ BREIS**. **(20 marc)**

**(ii)** Roghnaigh **DHÁ** réigiún díobh seo agus, i gcás **gach** ceann díobh, déan cur síos ar fhorbairt an réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tíreolaíocht Fhisiceach
- Talmhaíocht
- Déantúsaíocht **nó** Seirbhísí **(60 marc)**

## CEIST 15. TURASÓIREACHT




**(i)** Scrúdaigh na sonraí sa chairt thuas maidir le Líon na gCuairteoirí Eachtrannacha go hÉirinn agus freagair iad seo a leanas:

- Cad as a dtagann formhór na gcuairteoirí go hÉirinn?
- Cén céatadán a thagann as Meiriceá Thuaidh?

**(10 marc)**

**(ii)** Déan cur síos agus tabhair míniú beacht ar **THRÍ** chúis a dtagann turasóirí go hÉirinn. **(60 marc)**

**(iii)** Mínigh fadhb **AMHÁIN** a tharlaíonn toisc go dtugann lion mór turasóirí cuairt ar cheantar. **(10 marc)**

**CEIST 16. RÉIGIÚIN SAN EORAIP**

Scania, Machaire Thuaidh na hIodáile, Iarthar na hÉireann, an Nord/Pas de Calais, an Ruhr, an Sambre-Meuse.

**(i)** As liosta na réigiún thuas **roghnaigh agus sainaithin**:

- Réigiún Croíláir **AMHÁIN**
- Régiún Imeallach **AMHÁIN** nó Réigiún Foinsí Meata **AMHÁIN**.

**(20 marc)**

**(iii)** Déan cur síos ar na **réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:**

- Gníomhaíochtaí Príomhúla
- Gniomhaíochtaí Tánaisteacha

**(60 marc)**

**CEIST 17. RÁITIS AR AN EORAIP**

Roghnaigh **DHÁ** cheann ar bith de na ráitis seo a leanas agus pléigh go mion iad:


**(i)** Is cuid mhór de geilleagar na Spáinne í an turasóireacht. **(40 marc)**

**(ii)** Tá cuid mhaith de rachmas (saibhreas) na hIorua bunaithe ar a cuid acmhainní nádúrtha. **(40 marc)**

**(iii)** Tá fadhbanna agus buntáistí araon ag teacht go hÉirinn i ngeall ar fhorleathnú an A.E. **(40 marc)**

**(iv)** Is í an talmhaíócht an tionscal aonair is tábhachtaí i ngeilleagar na hÉireann. **(40 marc)**

**CEIST 18.** **TÍREOLAÍOCHT DHOMHANDA**




Scrúdaigh an léarscáil thuas den domhan.

**(i)** Ainmnigh na nithe 1 – 10 **i do leabhar freagraí**.

Tíortha 1, 2 agus 3; Sliabhraonta 4 agus 5; Cathracha 6 agus 7; Line Dhomhanleithid 8; Ceantar Fásaigh 9 agus Ceantar Foraoise 10.

**(20 marc)**

**(ii)** Bhí na limistéir seo a leanas go mór sa nuacht le blianta beaga.

*An tSúdáin *An Iaráic *An Meán-Oirthear

Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na limistéir sin agus tabhair cuntas ar na saincheisteanna a bhaineann leis.

**(40 marc)**

**(iii)**

FAIRTRADE

Guarantees a **better deal** for Third World Producers

**Rathaíonn si beart níos fearr do Tháirgeoirí**

**TRÁDÁIL CHOIR**

**"Is í an Trádáil Choir an chúis lena bhfuil slí beatha ar bith ag na feirmeoirí beaga inár gcumann"**

**-** Jorge Ramirez, Uachtarán, Grúpa El Guabo, Ecudor

Mínigh **DHA** shlí inar d'fhéadfadh daoine sa Domhan Forbartha cabhrú le trádáil leis an Domhan i mBéal Forbartha a chothromú.

**(20 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán